

GAELSCOIL CHOLMCILLE

Polasaí maidir le sos gairme agus
saoire eile ón obair



Gaelscoil Cholmille

Lána na Cúlóige,
An Chúlóg,
Baile Átha Cliath 17.



gaelscoilcholmille@eircom.net www.gaelscoilcholmille.ie

Príomhoide : Sandra Ní Gharbháin

Cathaoirleach: Cormac Mc Cashin

Polasaí maidir le sos gairme agus saoire eile ón obair

Is féidir le múinteoir buan i nGaelscoil Cholmille cur isteach ar Shos Gairme faoi na coinníollacha atá leagtha amach i gCiorclán 10/2011 agus an bhileog a théann leis. Agus an Bord Bainistíochta ag déanamh cinnidh faoi iarratas do shos gairme nó briseadh fadtéarmach &rl. i gcomhthéacs an chiorcláin thuasluaite, tógtar na pointí seo a leanas san áireamh chomh maith:

1. Déanfaidh an Bord Bainistíochta gach iarracht éascaíocht a dhéanamh d'iarratais do shaoire ó mhúinteoirí atá buan.
2. Cé go n-aithnítear go bhfuil múinteoir(i) ag lorg cead imeachta pé cúis atá acu, aithnítear chomh maith go mbeidh leas agus riachtanais oideachasúla na bpáistí i gcónaí chun tosaigh. Aithnítear na dúshláin reatha maidir le ganntanas múinteoirí go náisiúnta freisin.
3. Ní gá don mhúinteoir an chúis don sos gairme a insint ach amháin don Phríomhoide nó don Chathaoirleach más é sin rogha an mhúinteora.
4. Déanfar iarratais a idirdhealú i dhá ghrúpa;
 - (i) Post iasachta, Postroinnt agus Briseadh staidéir
 - (ii) Sos gairme agus Dul ar iasacht (secondment)

Maidir le grúpa (i), déanfaidh an bord bainistíochta gach iarratas a phlé go haonarach agus déanfaidh fiúntas an iarratais a phlé i gcomhthéacs na riachtanas atá ag an scoil.

Maidir le grúpa (ii), beidh saoire ceadaithe do suas le beirt do scoilbhliain 2018/19. D'fhéadfaí go ndéanfaí eisceacht i gcás ina bhfuil cúinsí áirithe i gceist.

Má bhíonn níos mó iarratas ná áiteanna i gcás grúpa (ii), déanfar na háiteanna a dháileadh de réir an oird seo a leanas:

1. Múinteoirí atá ar shaoire don scoilbhliain 2017/18 arb é 2017/18 an chéad bhliain dóibh a bheith ar shaoire.
 2. Múinteoirí nach ndeachaigh ar shos gairme ná ar iasacht roimhe seo.
 3. Tús áite de réir an liosta sinsearachta & an duine is sinsearaí ar dtús.
5. Tabharfaidh Cathaoirleach an bhoird freagra i scríbhinn má dhiúltaíonn an bord le hiarratas ar shos gairme roimh 01/03/18.

Glacadh leis an bpolasaí seo ag cruinniú den bhord bainistíochta 17/01/2018

